

BUAILÍ

Bhíodh buailí ar na sléibhte ó cheann léime go Gaillimh. Dimthigheadh fir na mbailte i dtús an tsamraidh agus gníodar brácaí ar na buailigheacha i gcolbha clochair, maide rata agus sgraitheacha, caolach daraighe agus sgraithe riasg. Bíonn an maide daraighe le fagháil ins na clochair shléibhe. Maide roighin seadh an maide daraighe. Séard a gníos sé leonughadh má castar é. An croga is fearr a chuaidh i mbád nó i gcorrach ariamh é, é féin agus an crioga aitinn. Séard tós dorais a bheadh ar an mbraca punntán fraoich nó punntán slat. Bheadh áit cúigear ban ins an mbraca sin nó seisear. Dhéanaidís claidheacha cloch ar an mbuaile le bheith ag sáinniú caorach. Bheadh na claidheacha déanta cam, caol anonn agus anall. Cuirtí na ba agus na caoirigh ar an sliabh i dtús an tsamhradh agus d'fhágtaoi ann iad go deire an fhóghmhair. Bhíodh na mná i mbun na mbeithidheach ó mhaidin go tráthnóna ar an mbuaile. Nuair a bhlíthidís na ba ar maidin chuiridís an bainne i ancaird (tankard) go dtí aimsir bleaghan trathnóna nuair a chuiridís bainne an tráthnóna ina teannta thiocfadh a gcuid fear trathnóna agus thiubhraidís an bainne abhaile. Cuiridís i dtobán ar suidheachan é. Nighidís a gcuid ancard agus a gcuid lámhóga as uisge bruighthe. Leagaidís ar chlaidhe iad agus a mbéal in agha na gaoithe nó go mbeadh sé in am acab iad a thabhairt ag na mná a bhí ar buaile. B'éidir go dtiubhradh fear trí ancaird leis, a' déanamh oibleagáid do bheirt eile.

Bhíodh na mná san oidhche san mbraca ar an mbuaile gan teacht abhaile, cúigear nó seisear aca ag codladh le chéile agus leaba bhreagh mín-fhraoch fútha, an leaba is foláinne dar luigh aon duine ariamh uirthé, pluid nua flainín ag gach bean agus a péire bráithlíne lín. A dteineadh bhreagh i gceann an bhráca. Togha na beathadh acab – arán min choirce agus bainne; sgaithte a gcuid leite, a ndinnéar fataí ó thiocfadh an foghmhar, gach bean in imtheacht an lae ó bheadh bleaghan déanta aice ag cniteáil is ag fuagháil go haimsir bleaghain trathnóna. In imtheacht cupla uair chuile trathnóna ag gabhail fuinn is ag damhsa agus ag casadh port. Bhí sé ina sheanfhocail, thug tú an damhsa ó bhuaile leat. Nuair a d'fhághadh na fir an bainne téachta ag baile chuiridís i gcoinneog é go ndéanaidís maistre dhe. Nuair a bheadh sé ina im thiocfadh beirt nó triúr de na mná den bhuaile go dtógaidís den bhuaile go dtógaidís den choinneog é go gcuiridís i gcruga é agus go saillidís é. Bhíodh crugaí céad aca agus líonaidís an cruga céad agus thagadh na fir go Gaillimh leis, an cruga thíos i gcliabh ar thaoibh capaill agus dá ancard bláthaighe ar an taobh eile ina aghaidh.

Díolthaoi an t-im in Gaillimh le lucht déanta millseáin agus an cuid is mó dhe ag dul chun fairrge go Sasana. Bhí fear ar an gcéibh ina comhnaidhe a dtugaidís Tadhg an Ime dhá cheannach. B'fhearr duit greim den im sin a bhí ag imtheacht an uair sin ná seacht ngreim dá bhfuil ag imtheacht anois. Bhíodh caoirigh agus uain ar an mbuaile acab chó maith leis na beithigh. Ins an am a dtoisigheadh na mná ag coisgeadh (nó ag dealú) na n-uain bhruidhidís bainne na gcaorach agus bhéidir ghá ól go mbeadh siad sáthach. Nuair a bhéiradh Lá Samhan orthabh thiubhraidís a gcuid ba agus caorach den bhuaile nó go dtiubhraidís

i gcúngar baile iad.

ní ort féin ná an gnún tar éis éirighe as do chodladh duit. Is tú atá soineanta fáilighe,
bail ó Dhia is ó Mhuire ort.

(Peadar le Franc Mac Giollarnáth '29.)

Sé an t-ughdar a bhí leis an mbuaile seo tosuighthe, le cladach Chois Fhairrge ins an am sin
ní raibh tada den talamh tugtha isteach, ní raibh aon chimín i gcúngar le bó capall nó caora a
thóigeáil. Ba shiúd é an tslighe a bhí acab le cíos a íoc ins an am sin, an t-im agus an coirce.
Ní raibh na fataí ag fás mar atá siad ó shoin. An fear nach raibh na beithigh aige nó an t-
eallach bhí a dheis maireachtala go bocht. Le iasgach a bhí sé nó le ceilp agus ní raibh aige
ach leath na bliana leis an obair sin ach go dtagadh sgadáin ins an ngeimhreadh in áit a
dtugann siad cuan Chaisín air agus Carraig dhá mhiú. Sgadán mhóra Carraig dhá Mhiú.

báid ar an gcladach ag robáil eangacha ag Carraig dhá Mhiú Máire an ghiolla
Báid ag Carraig a Mhathail
An seisear atá curtha i ndubhach na leanbh
Paidhlséar sgadán mór. Tá eitíní ar a chúl a chinn siar chó fada le cnámh a' drioball
in aithidheacht le chéile.
Bean bhuaile ar na hAille. Ní dheachaidh mise ag cluanaidheacht in uaigneas mar
chuaidh mná buaile an bhaile nua.

29

Máire mhór ní Fhatharthaigh as Corr na Rón nuair a bhí sí in aois a naoi mbliana déag sé an
aoirde a sheas sí cúig troigh agus deich norlaigh go leith cos nochtaighthe agus 14 ½ clocha
meadhachain. Níor chas aon fhear óg ariamhuirthe dhá láidre nach spánfadh sí miosúr a
dhroma den talamh dhó. Chaith sí sé bliana déag a dhul chun buaile. In imtheacht an achair
sin níor éirigh aon timpist ariamh dí, ach le tús an tseasúir nuair a bheadh sí ag fágáil an
bhuaile thiubhradh sí ráipéar léithe a bhí ag á n-a hathair agus sáthadh sí sa sgraiht é sa
mbráca. Bhí sí an oidhche seo í féin agus na mná eile ag cainnt agus ag cómh rád h agus
chídhítear dhóibh gur airigh siad agal gránna taobh amuigh den doras. Shíl sí gur cara a bhí
taobh amuigh den doras nuair a chonnaic an toirt í rinne sí uirthi. Tharraing sí an ráipéar ó
mhaol na gualainne. Chuir sí treasna trí na cluais é agus amach trí n-a bhéal agus d'fhága sí
an ráipéar sáiththe. Nuair a d'éirigh siad ar maidin ba éard a bhí ann madra alla agus é marbh
ar an bhféar. Ba shin é an madra alta deireannach a fachtas ar Sléibhte Cois Fhairrge.

glaodh (glaé) glas mar bheadh síol froganna.
Mac Uí Chatháin agus an ainspioraid.
I na dubh sheanbhean.
Séan a' Chóta.

Ins an tsean aimsir bhíothas a rád h an té a bheadh amuich deireannach go gcasfadh
ainspioraid air, ní gabhfadh fear ar bith amach san am sin de shiubhal oidhche gan sgian a
mbeadh cos dubh innte. Dá mbeadh i ndán agus go gcasadh an spiorad seo air an sáth a
thabhairt ach gan an sgian a tharraingt bhí sé sin mar gheasa orthab. Béidir go mbeadh míle
bealaigh idir gach aon dhá bhuaile in áit a raibh Máire mhór Ní Fhatharta ar buaile, sé an t-

ainm a bhí ar Clochar Éidin, an buaile badh ghóire dhí is ann a bhí Brighid Nig Fhlannchadha. Sé an t-ainm a bhí ar an mbuaile sin Clochar Mhac Conaile. Domhnach breagh a bhí ann. Chuaidh Brighid Nig Fhlannchadha siar ar cuairt ag Máire Mór Ní Fhatharta ag clochar Eidín. Nuair a bhí dinnéar caithte acab, “muise, a Mháire Ní Fhatharta,” adeir sí, “a’ dtomhaisfeá céard a thug i leith mé.” “Tuige nach dtomhaisfinn,” adeir Máire ní Fhatharta, “ar cuairt,” adeir sí, “le grádh páirt agus carthanas.” “Ceart go leor, seadh, ach tá rud eile ann. ” “Rud ar bith atá tú a iarraidh” adeir Máire ní Fhatharta, “gheobhfaidh tú é ó cor coraideacht go dtí greamanna fiacla.”

Nuair a chonaic sí Máire a dhul chun feirge, “Maise, ní headh,” adeir sí, “ach go gcuirfinn ceist ort.” “oibrigh leat anois go dteidhe tú go Cloithre” (ó thuaidh den tulaigh). “Cé mhéad bó bhainne, bean buaile buarach, angard agus tobán ó fágas tú na Foráí Maola(Bearna) go dteidhe tú go barr na gCriogán?” “Sin rud a bhéas mise indon innsint duit,” adeir Máire, “faoi cheann coighcise ó indiu. Ach tiubhraidh mise trí seachtainí duitse le mo cheist féin a fhuasgailt.” “Tiomáin leat,” adeir Brighid. “Cé mhéad muc bheag, muc mhór, collach agus cráin, banbh agus slipín cailín óg faoi na raca agus faoi na ribín, ó dhroichead Bhéal Átha na Sluaigh go Caorán mór an Chillín.” “A Mháire ní Fhatharta,” adeir sí, maith dom agus maithfidh mé duit. Sin rud nach bfeadfainn a dhéanamh.” “Anois” adeir Máire, “dá n-abarthá liom go bhfaca tú fear ag déanamh cat agus dhá roball d’féadfainnse a rádh leat go bhfaca mé féin fear ag déanamh coileáin agus trí chloigeann”. Chríochnaigh sin an argúinteacht idir Mháire Ní Fhatharta agus Brighid Nig Fhlannchadha.

Sé an gléas cinn a bhíodh ins an uair sin air chailíní óga raca ar chúl a cinn agus ribín uaithne. Ná buachaillí óga i ngníodh na racaí seo de wire, de bhiorráin stocaí agus de chlocha tollta ar gach uile dhath. Bhí daoine paiteanta thar a chéile dá ndéanamh.

“S óra, óra, óra, agus óra mhíle grádh,
chaith mé ráthe an earraigh ag déanamh racaí do na mná.”

An cailín a gheobhfhadh raca d’ionntócha sí ar ais agus dhéanfhadh sí sparán cloichíní don bhuachaill a thug an raca dhí. Gheobhfhadh sí dhá phíosa éadaigh speisialta nach mbeadh baoghal stróicthe go bráthach air, píosa gorm agus píosa uaine, nó píosa dearg agus píosa paisley. Ghearrfadh sí amach múnla páipéir. Leagfadh sí anuas an t-éadach air, Gearradh sí dá réir sin é. Thiubhradh sí ribín léithe nach raibh aon chaitheamh ina chionn. D’fhuaghfadh sí an ribín seo thart thimpeall ar chonabhlach an sparáin. Bhí póca ar gach aon taobh amuich agus liopa ag teacht anuas air agus cnaipe ivory ins an liopa. Sin cúig pócaí san sparán cloichíní.

Bhí trí cinn de phollairí i mbéal an sparáin. Bhí trí cinn dhe fháinní fuaighte taobh istigh ar aghaidh na bpollairí. Bhí ribín uaine fuaighte ar cholbha an sparáin taobh amuich ina lúb. Chuirfeá an ribín anonn treasna trí na pollairí. Bhí ribín eile ar an gcoirnéal thall agus fainne air. Chuirfeá an lúb fhada tríd an bhfáinne. Thiubhrthá anuas an lúb arís go gcuirfeá tríd an pholláire ba goire dó é go dtiubhrá cor na gcleas dó. Bhí cloichíní beaga ar sile leis an sparán. Ni raibh mórán den éadach ar chor ar bith le feiceál taobh amuich agat.

Rinneadh sparán cloichíní dom féin. Bhí mé oidhche rástaí agus bhí comhlúadar againn i dteach ósta. Séard a bhíodh ag imtheacht ins an am sin leath galún pórtar ag gach uile

fhear. Tháinig mé anuas de'n ailéar ins an siopa ag iarraidh leath galún. Thug mé an sparán aníos as mo phóca go n-íocfainn an sgór. Nuair a bhí sé íochta agam séard a bhí i mo dhiaidh sa sparán trí agus naoi bpingne. Nuair a bhí mé ag dhul suas an staidhre go dtéidhinn go dtí an comhlúadar bhí ceathar nó cúigear cailíní óga ar cheann na staidhre. D'fhan ceann de ribíní an sparán aníos as mo phóca. Thug an cailín seo iarraidh faoi i ngan fhios dom agus sgiob sí an sparán. Níor leig faitchíos dom é innseacht ná é amhdachtáil don bhean a rinne an sparán, mar bhí fhios agam céard a bhí le m'aghaidh. D'fhan mar sin go dtí Aoine na Nodlag a bhí chugat. Bhí cailíní óga na mbailteacha i nGaillimh agus iad ag cur fúthabh i dtigh Aontaine Uí Fhíne ar an bhFatha Bhig. Bhí cailín óg ann agus nuair a bhí sí ag dhul ag íoc a béile tharraing sí aníos an sparán. Cé bheadh ina suidhe ar a haghaidh ach an bhean óg a rinne an sparán. Shiubhail sí anonn go dtí í agus rug sí ar an sparán, chuir sí a bhéal faoi ar an mbord agus chaith sí aniar an méad airgid a bhí ann ar an mbord.

"An tusa nó mise," adeir sí," a rinne an sparán seo?" Níor labhair agus níor fhreagair sí "mise a rinne é," adeir an bhean óg, ach ní ort atá aon mhilléan a'm ach an mbacach a thug duit é." Thug sí léithe an sparán, d'fhan mar sin nó go dtáinig sí abhaile as Gaillimh ins an oidhche Dé Sathairn.

Siubhail sí a'm isteach agus sé an áit a raibh mé ag brugh cuid mhuc sa tsráid. D'fhiafrúigh sí de mo mháthair "cá bhfuil an bacach seo? "Annsin amuich." Níor airigh mé gur shiubhail sí agam amach is gur bhuail sí ar pholl na cluaise mé. "Cén chiall dhuit, a bhacaigh, an sparán a rinne mé dhuit a dhul agus a bhronnadh ar a leitheide seo de bhean?" "Ní dheacair," adeirim-se, "ach tugadh as mo phóca é oidhche na rástaí." D'innis mé dí tríd síos agus tríd suas agus sin é an uair a chreid sí mé agus d'innis sí dom cé bhfuair sí é agus cé aige a raibh sé.

Shín sí am anall é, "seo anois a'd é agus coinnigh é," adeir sí.

Foclóir

D'airigh mise agam féin é, I appreciated it.